2026/2165

24.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2165 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Meán Fómhair 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/2642 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/2642.

(2) Sna conclúidí uaithi an 18 agus an 19 Meitheamh 2026, cháin an Chomhairle Eorpach gach ionsaí hibrideach a rinneadh le déanaí ar an Aontas agus a Bhallstáit. I bhfianaise na bhfeachtas hibrideach leanúnach de chuid gníomhaithe naimhdeacha, go háirithe an Rúis agus an Bhealarúis, d'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí breise a bhfuil práinn leo chun an athléimneacht a neartú, an ullmhacht a fheabhsú, bonneagar criticiúil a chosaint, agus ionsaithe hibrideacha a chosc, a dhíspreagadh agus a fhreagairt.

(3) Dearbhaíonn an tAontas an athuair go gcáineann sé gníomhaíochtaí mailíseacha na Rúise atá dírithe ar an Aontas, ar a Bhallstáit, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ar thríú tíortha.

(4) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart duine nádúrtha amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/2642 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

P. BURKE

([1]) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.

Cuirtear an iontráil seo a leanas isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642, faoin gceannteideal ‘A. Daoine Nádúrtha’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘81.	Xenia Vladimirovna FEDOROVA (Rúiseach: Ксения Владимировна ФЁДОРОВА)	Feidhm: IarUachtarán agus Stiúrthóir Faisnéise Russia Today France (idir 2017 agus 2022), scríbhneoir, iriseoir agus colúnaí Dáta breithe: 26.12.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Cuntas X: https://x.com/xfedorova Cuntas Instagram: https://www.instagram.com/xfedorova	Tá Xenia Fedorova ag obair sna meáin Rúiseacha agus is iarfheidhmeannach sinsearach Russia Today (RT) France í a bhfuil insintí ar son na Rúise á scaipeadh aici sa Fhrainc agus san Aontas i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Thosaigh Xenia Fedorova ag obair le RT in 2005 agus bhí poist shinsearacha aici ina dhiaidh sin i líonra meán RT. Ba í a bhí mar cheann Ruptly, gníomhaireachta físeán de chuid RT atá lonnaithe i mBeirlín, ó 2015 go 2017, sula raibh sí ina hUachtarán ar RT France agus ina Stiúrthóir Faisnéise ansin in 2017. Sa cháil sin, bhí baint ag Xenia Fedorova le líne eagarthóireachta RT France a chur chun feidhme agus a scaipeadh, lena n-áirítear na hinsintí atá ailínithe leis na cinn atáthar á gcur chun cinn ag údaráis na Rúise. Tar éis ghníomhaíochtaí craoltóireachta RT a bheith curtha ar fionraí san Aontas, lean Xenia Fedorova d’insintí a scaipeadh i meáin na Fraince a bhí ailínithe leis na cinn atá á gcur chun cinn ag údaráis na Rúise a bhaineann le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, tacaíocht na hEorpa don Úcráin, ECAT agus an caidreamh idir an Rúis agus an tAontas. Go háirithe, bhí á léiriú ag Xenia Fedorova go raibh an tacaíocht a bhí á tabhairt ag an Iarthar agus an Eoraip don Úcráin ag cur fad leis an gcogadh, chuir sí an Rúis i láthair mar thír atá ag léiriú síochána agus í ag léiriú go bhfuil coimhlint á lorg ag an Eoraip, cheistigh sí tuairiscí deimhnithe maidir le haistriú agus díbirt neamhdhleathach leanaí Úcránacha, agus scaip sí insintí inar cuireadh beartais Eorpacha agus ECAT i láthair mar bhagairtí ar shlándáil na hEorpa.	24.9.2026’

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
			Ó 2025 i leith, chuir Xenia Fedorova míreanna ar fáil go rialta do roinnt eagraíochtaí meán, lena n-áirítear CNnews, Europe 1 agus Le JDNews, agus ar an gcaoi sin, lean sí de na hinsintí sin a scaipeadh chuig pobal leathan meán. Tá Xenia Fedorova aitheanta go poiblí ag údaráis na Fraince mar dhuine a scaipeann bréagaisnéis na Creimile. I mí Iúil 2026, ghlac údaráis na Fraince beart díbeartha ina coinne. Dá bhrí sin, tá Xenia Fedorova ag tacú le gníomhaíochtaí nó beartais atá inchurtha i leith Rialtas Chónaidhm na Rúise, tá sí páirteach iontu agus déanann sí iad a éascú, ar gníomhaíochtaí nó beartais iad lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den chobhsaíocht san Aontas agus i gceann dá Bhallstáit agus i dtríú tír, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin, trína bheith páirteach san úsáid a bhaintear as ionramháil agus cur isteach ar fhaisnéis.	